

PÁDRAIC Ó MAOILCHIARÁIN

An méid sgéalta a chuala mise is ag fear a bhí in Aird a' Chaisleáin a chuala mé iad. Pádraic Ó Maoilchiaráin a bhí air. Bhí sé ar an bhfear ba láidre ó Ghaillimh aniar nuair a bhí sé sgór blianta d'aois. Báthadh a athair agus beirt dreathár dó agus iad a' tigheacht anuas le lucht feamainne as lorras Rua i mbáidín seoil. Tháinig an lá go dona agus bhí an bád ro-dhomhain. Tháinigedar ró-ghar don talamh in áit a dtugann siad Campainn air, thaobh thuas de Cheann Mhása. Séard é áit thanaidhe agus briseann sé, bháth sé an bád, an t-athair agus an bheirt mhac. Cuireadh isteach an bád ar an talamh agus maidin lá ar n-a bhárach chuala Pádraic go raibh an bád istigh ann agus í briste. Ba é an dara mac ba óige é. Chuaidh sé go dtugadh sé an seol agus an crann aiste. Cheangail sé an na seolta den chrann leis na láinnéir agus bhuail sé ar a ghualainn é agus níor leig sé aon sgíth ach aon cheann amháin nó go rabh sé ag á na theach féin san Aird. Bhí os cionn dhá chéad go leith meadhachain ionnta agus ní rabh Padraic os cionn fiche bliain san am sin.

Fágadh é féin agus dreatháir i n-éinfheacht leis, dreatháir a bhí níos sine ná é féin. Níor phós ceachtar aca ariamh. Ní raibh aon bhean ins a' teach mar bhí an mháthair caillte agus agus an dreifiúr pósta.

Nuair a chuala mise ag innseacht sgéil ar dtús é bhí sé cupla sgór blianta agus teach ar bith a mbíodh tórramh ann bhíodh sé go hionndamhail ag an tórramh. Cuirte ag innseacht sgéil é ag giorrú na hoidhche. Chonaic mé dhá oidhche in aon teach amháin é agus de bharr a dhá oidhche chuaidh sé a chodladh trathnóna Dia hAoine agus níor dhúisigh sé go maidin Dia Domhnaigh agus marach comharsa a bhí sa doras aige ní rabh fhios aige go raibh sé sa teach nó nach rabh. Tháinig sé a' bualadh an doruis go bfeiceadh sé a' rabh sé beo má bhí sé istigh. Sin é an t-am a dhúisigh sé.

D'eirigh sé mío-shlán as a dheireadh. Chaill sé an siubhal le pianta ina chnámha.

Bhí sé go han-mhaith faoi n-a chuid scéalta agus sheasfadh sé coighcíos ag innseacht sgéil. Ní raibh aon chall dó an sgéal céadhna a innseacht faoi dhó. Bhí sé indon culaith ghaisge a mhairfeadh deich nóiméad a chur ar sgéal. Bhí fiannaidheacht aige, sgéalta sídhe, seanchus. Chonnaic sé an oiread taibhsí ina shaoghal má b'fhíor dó agus go mba mhór é a leath. Níor chuala mé aon dánta aige. Is aige a chuala mé "Sgéal an Dabhradáin," "Leadaidhe an Chraicinn Gabhair," "Sgológ na Féasóige Léithe," "Triúr Clainne na Bard Sgolóige," "An Tarbh Cuthach," "Tarbh na hAibhne" agus cuid mhaith eile.

Tá sé caillte le cúig bliana fichead. B'éigin do dreifiúr a bhí i Leitir Rathárd a thabhairt léithe sa deireadh agus chaith sé dhá bhliain ar a leaba sul ar cailleadh é. Ní raibh mísg d'aonduine beo ann. Go ndéana Dia trócaire air. Áméin.